



---

*Uimhir 31 de 2004*

---

**AN tACHT UM DHLITEANAS SIBHIALTA AGUS  
CÚIRTEANNA, 2004**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Orduithe agus rialacháin.
4. Fógraí a sheirbheáil.
5. Caiteachais.

CUID 2

DHLITEANAS SIBHIALTA

6. Feidhm na Coda.
7. Leasuithe ar an Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991.
8. Litir éilimh.
9. Rialacha cúirte.
10. Imeachtaí a thionscnamh.
11. Iarraidh ar fhaisnéis bhreise.
12. Cosaint agus frithéileamh.
13. Pléadálacha i gcoitinne.
14. Mionnscribhinn fforaithe.
15. Comhdháil idirghabhála.
16. Tuarascáil ó chathaoirleach comhdhála idirghabhála.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

Alt

17. Tairiscintí foirmiúla.
18. Éisteachtaí réamhthrialach.
19. Fianaise.
20. Fianaise shaineolach.
21. Idirghabháil i gcaingean díobhálacha pearsanta.
22. Ní a bheidh le cur i gcuntas ag an gcúirt le linn damáistí a mheasúnú.
23. Táblaí achtúireacha.
24. Ráta lascaine.
25. Fianaise bhréagach, etc.
26. Caingne calaoiseacha.
27. Sochair chomhthaobhacha.
28. Ioncam nár dearbhaíodh chun críocha cánach.
29. Cionta.
30. Clár de chaingne díobhálacha pearsanta.
31. Leasú ar Acht 2003.
32. Leasuithe eile ar Acht 2003.

CUID 3

CÚIRTEANNA

Caibidil 1

*Cistí Agróirí*

33. Mínithe.
34. Infheistíocht chuntais dhíomhaoine na gcistí agróirí a réadú.
35. Cuid de chistí agróirí a dhiúscairt.
36. Easnamh i gcistí agróirí.
37. Foilsiú fógraí ag an gCuntasóir.
38. Clár de chistí agróirí.

Caibidil 2

*Forálacha Ilghnéitheacha*

39. Mínithe.
40. Imeachtaí a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

[2004.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus [Uimh. 31.]  
Cúirteanna, 2004.*

Alt

41. Ús ar chostais, ar mhuirir nó ar chaiteachais a bhaineann le breithiúnais, orduithe nó foraitheanta áirithe.
  42. Oifigigh áirithe chun gníomhú mar chláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla.
  43. Leasú ar alt 27 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.
  44. Leasú ar alt 38 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.
  45. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961.
  46. Leasú ar an Acht um Chlárú Teidil, 1964.
  47. Leasú ar an Acht Comharbais, 1965.
  48. Leasú ar Acht 1976.
  49. Leasú ar alt 1 d'Acht na gCúirteanna (Uimh. 3), 1986.
  50. Leasú ar Acht 1989.
  51. Leasú ar Acht 1995.
  52. Leasú ar Acht 1996.
  53. Leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.
  54. Finnéithe áirithe a eisiamh, etc.
  55. Leasú ar Acht 2002.
  56. Líon breithiúna na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche a mhéadú.
-

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989	1989, Uimh. 17
Acht an Bhainc Ceannais, 1971	1971, Uimh. 24
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964	1964, Uimh. 17
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003	
An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926	1926, Uimh. 27
Acht na gCúirteanna, 1971	1971, Uimh. 36
Acht na gCúirteanna, 1981	1981, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna, 1991	1991, Uimh. 20
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995	1995, Uimh. 31
Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002	2002, Uimh. 15
Acht na gCúirteanna (Uimh. 3), 1986	1986, Uimh. 33
Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997	1997, Uimh. 43
An tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998	1998, Uimh. 8
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 39
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
<i>Debtors (Ireland) Act</i> , 1840	3 & 4 Vict., c. 105
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996	1996, Uimh. 1
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976	1976, Uimh. 27
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995	1995, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996	1996, Uimh. 33
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976	1976, Uimh. 11
Na hAcha Gárda Síochána (Cúiteamh), 1941 agus 1945	
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989	1989, Uimh. 6
An tAcht Dlisteanais, 1931	1931, Uimh. 13
An tAcht Cothabhála, 1994	1994, Uimh. 28
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003	2003, Uimh. 46
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	2000, Uimh. 30
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 1998	1998, Uimh. 6
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993	1993, Uimh. 27
An tAcht um Stádas Leanaí, 1987	1987, Uimh. 26
An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991	1991, Uimh. 18
An tAcht Comharbais, 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	1924, Uimh. 10



---

*Uimhir 31 de 2004*

---

**AN tACHT UM DHLITEANAS SIBHIALTA AGUS  
CÚIRTEANNA, 2004**

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hATHRUITHE ÁIRITHE AR NÓS IMEACHTA AGUS LE hATHRUITHE ÁIRITHE EILE I gCAINGNE CHUN DAMÁISTÍ A GHNÓTHÚ I LEITH DÍOBHÁLACHA PEARSANTA; DO DHÉANAMH SOCRÚ NACH nDÉANFAR CAINGEAN I gCOMHAIR DÍOBHÁLACHA PEARSANTA A THIONSCNAMH TAR ÉIS 2 BHLIAIN A BHEITH CAITE ÓN DÁTA A D'FHABHRAIGH AN CHÚIS CHAINGNE NÓ ÓN DÁTA A FUARTHAS FIOS AR AN gCÚIS CHAINGNE CIBÉ ACU IS DÉANAÍ; DO DHÉANAMH SOCRÚ, I gCÁS GO nDÉANFAIDH GEARÁNAÍ I gCAINGEAN DÍOBHÁLACHA PEARSANTA FIANAISE BHRÉAGACH A THABHAIRT, GO bhFÉADFAIDH AN CHÚIRT CAINGEAN AN GHEARÁNAÍ A DHÍBHE; DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE MEASÚNÚ DAMÁISTÍ I gCAINGEAN DÍOBHÁLACHA PEARSANTA; DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE DLÍNSE NA CÚIRTE CUARDA IN IMEACHTAÍ A BHAINNEANN LE TALAMH; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN CUID DE CHISTÍ AGRÓIRÍ ATÁ DÍLSITHE DO CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS A DHIÚSCAIRT; DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE TUARASCÁLACHA A FHOILSIÚ MAIDIR LE hIMEACHTAÍ A BHEIDH LE hÉISTEACHT AR SHLÍ SEACHAS GO POIBLÍ, AGUS I nDÁIL LE DOICIMÉID A ULLMHAÍTEAR CHUN CRÍOCHA NA nIMEACHTAÍ SIN A THABHAIRT AR AIRD; AGUS, CHUN NA gCRÍOCH SIN AGUS CHUN CRÍOCH EILE, DO LEASÚ AN ACHTA UM REACHT NA dTRÉIMHSÍ (LEASÚ), 1991, AN ACHTA UM DHLITEANAS SIBHIALTA, 1961 AGUS ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[21 Iúil 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

**1.—(1)** Féadfar an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Gearrtheideal agus Cúirteanna, 2004 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

Cd.1 A.1 [Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

(2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas na forálacha a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Tiocfaidh *ailt 2 go 4, 31 agus 32, Caibidil 1 de Chuid 3 agus ailt 49 agus 56* i ngníomh ar dháta rite an Achta seo.

Léiriú. 2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

tá le “gníomh” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961;

ciallaíonn “Acht 1993” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993;

ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 1998;

ciallaíonn “Acht 2002” Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2002;

ciallaíonn “Acht 2003” an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003;

ciallaíonn “cúirt”, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, an chúirt inar tionscnaíodh an chaingean sin, arb í an Ard-Chúirt, an Chúirt Chuarda nó an Chúirt Dúiche í, de réir mar a bheidh;

déanfar “dáta eolais” a fhorléiriú de réir an Achta um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991;

tá le “cosantóir” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

ciallaíonn “fianaise shaineolach” fianaise ar fhíoras nó tuairim arna tabhairt ag duine nach mbeadh inniúil ar fhianaise den sórt sin a thabhairt mura mbeadh scil speisialta nó saineolas aige nó aici;

tá le “faisnéis bhreise” an bhrí a shanntar dó le *halt 11*;

tá le “comhdháil idirghabhála” an bhrí a shanntar dó le *halt 15*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

folaíonn “faillí” núis agus sárú dualgais (cibé acu an ann don dualgas de bhua conartha, forála de chuid reachta, ionstraime faoi reacht, nó ar shlí eile);

ciallaíonn “caingean díobhálacha pearsanta” caingean chun damáistí a ghnóthú, maidir le héagóir—

(a) i leith díobhálacha pearsanta,

(b) i leith díobhálacha den sórt sin agus i leith damáiste do mhaoin araon (ach amháin sa chás gurbh í an éagóir chéanna ba chúis leo araon), nó

(c) faoi alt 48 d’Acht 1961,

ach ní fholóidh sé iarratas ar chúiteamh faoi na hAcht Gárda Síochána (Cúiteamh), 1941 agus 1945, ná caingean ina n-áirítear ar na damáistí a éileofar damáistí i leith príosúnú neamhdhleathach nó foghail ar an bpearsa;

tá le “toghairm díobhálacha pearsanta” an bhrí a shanntar dó le *halt 10*;

tá le “díobháil phearsanta” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

tá le “gearánaí” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

ciallaíonn “pléadáil”, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, toghairm díobhálacha pearsanta, cosaint, cosaint agus frithéileamh nó aon doiciméad eile (seachas mionnscríbhinn nó tuarascáil arna hullmhú ag duine nach páirtí sa chaingean sin) a cheanglaítear ar pháirtí sa chaingean, nó a fhéadfaidh páirtí sa chaingean, a sheirbheáil (laistigh de cibé tréimhse a fhorordaítear leis na rialacha sin), faoi rialacha cúirte, ar pháirtí eile sa chaingean sin;

folaíonn “socrú”, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, socrú ar an gcaingean nach socraítear ach go páirteach, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le “tríú páirtí” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

tá le “éagóir” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961;

tá le “éagóiritheoir” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1961.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt d’alt nó do Chuid is tagairt í d’alt nó do Chuid den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus
- (c) aon tagairt d’aon achtachán, is tagairt í don achtachán sin arna leasú, arna leathnú nó arna oiriúnú cibé acu roimh theacht i ngníomh don Acht seo nó dá éis, le haon achtachán dá éis sin, nó faoi aon achtachán dá éis sin.

**3.**—Déanfaidh an tAire gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1(2)*) agus rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán. Orduithe agus rialacháin.

**4.**—(1) Déanfar fógra faoi *alt 8* nó *alt 17* a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil ar an duine nó a thabhairt dó nó di ar cheann amháin de na slite seo a leanas: Fógraí a sheirbheáil.

Cd.1 A.4 [Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin; nó
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003 ag a hoifig chláráithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.

Caiteachais. 5.—Déanfar na caiteachais a thabhdhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

### DLITEANAS SIBHIALTA

Feidhm na Coda. 6.—Faoi réir *ailt 14(8), 25(4), 26(4), 27(3) agus 28(2)*, níl feidhm ag foráil den Chuid seo ach amháin maidir le caingne díobhálacha pearsanta arna dtionscnamh tar éis dháta thosach feidhme na forála sin.

Leasuithe ar an Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991.

7.—Leasaítear an tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991—

- (a) trí “2 bhliain” a chur in ionad “trí bliana” i bhfo-alt (1) d’alt 3,
- (b) trí “2 bhliain” a chur in ionad “trí bliana” i bhfo-alt (1) d’alt 4,
- (c) trí “2 bhliain” a chur in ionad “trí bliana” i bhfo-alt (1) d’alt 5,
- (d) tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“5A.—(1) I gcás go dtitfidh an dáta iomchuí i leith cúis chaingne roimh thosach feidhme *alt 7 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004*, ní dhéanfar caingean (is caingean lena mbaineann alt 3(1), 4(1), 5(1) nó 6(1) den Acht seo) i leith na cúise caingne sin a thionscnamh—

(a) tar éis 2 bhliain a bheith caite ón tosach feidhme sin, nó

(b) tar éis 3 bliana a bheith caite ón dáta iomchuí,

cibé acu is túsce a tharlóidh.



(2) San alt seo, ciallaíonn ‘dáta iomchuí’ an dáta a fhabhróidh an chúis chaingne nó dáta eolais an duine lena mbaineann maidir leis an gcúis chaingne sin cibé acu is déanaí a tharlóidh.”,

agus

- (e) trí “2 bhliain” a chur in ionad “trí bliana” i bhfo-alt (1) d’alt 6.

**8.**—(1) I gcás go mainneoidh gearánaí i gcaingean díobhálacha pearsanta, gan cúis réasúnach, fógra i scríbhinn a sheirbheáil, sula mbeidh 2 mhí caite ó dháta na cúise caingne, nó a luaithe is indéanta dá éis sin, ar an éagóiritheoir nó ar an éagóiritheoir líomhnaithe ina sonrúfar cineál na héagóra a líomhnaítear a rinne sé nó sí, féadfaidh an chúirt a bheith ag éisteacht na caingne— Litir éilimh.

- (a) cibé tátail is dealraitheach a bheith cóir a bhaint as an mainneachtain, agus
- (b) i gcás gur gá sin ar mhaithe leis an gceartas—
- (i) gan aon ordú a dhéanamh maidir le costais a íoc leis an ngearánaí, nó
- (ii) cibé méid a bheadh, murach an t-alt seo, iníoctha leis an ngearánaí, a asbhaint as na costais, de réir mar is cuí léi.

(2) San alt seo, ciallaíonn “dáta na cúise caingne”—

- (a) an dáta a fhabhróidh an chúis chaingne, nó
- (b) maidir leis an gcúis chaingne lena mbaineann, dáta eolais an duine a ndearnadh an éagóir air nó uirthi nó a líomhnaíodh go ndearnadh an éagóir air nó uirthi,

cibé acu is déanaí a tharlóidh.

**9.**—(1) Is feidhm de chuid na gcúirteanna i gcaingne díobhálacha pearsanta é a chinntiú go gcomhlíonfaidh páirtithe sna caingne sin cibé rialacha cúirte a bhfuil feidhm acu maidir le caingne díobhálacha pearsanta ionas go n-áiritheofar triail caingne díobhálacha pearsanta laistigh de thréimhse réasúnach ó thráth a dtionscanta. Rialacha cúirte.

(2) I gcás go ndéantar tréimhse ama chun doiciméad a sheirbheáil, nó chun aon rud eile a dhéanamh, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, a fhorordú le rialacha cúirte, ní dhéanfar an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar an doiciméad sin a sheirbheáil nó an ní sin a dhéanamh a fhadú thar an tréimhse arna forordú amhlaidh mura rud é—

- (a) go gcomhaontóidh na páirtithe sa chaingean leis an tréimhse a fhadú, nó
- (b) go measfaidh an chúirt—
- (i) gur gá nó gur fóirsteanach sna himthosca go léir an tréimhse a fhadú de cibé tréimhse bhreise a ordóidh

Cd.2 A.9

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

sí chun go bhféadfar an chaingean a ionchúiseamh  
nó a chosaint go cuí, agus

(ii) gur gá ar mhaithe leis an gceartas an tréimhse a fhadú  
den tréimhse bhreise sin.

(3) D'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh páirtí i gcaingean  
díobhálacha pearsanta rialacha cúirte a chomhlíonadh, féadfaidh  
cúirt cibé orduithe is cuí léi a dhéanamh maidir le costais a íoc.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a theorannaíonn  
nó a laghdaíonn cumhacht údaráis, ag a mbeidh cumhacht (de thuras  
na huaire) chun rialacha a dhéanamh lena rialófar cleachtas agus nós  
imeachta cúirte—

(a) chun rialacha den sórt sin a dhéanamh i ndáil le caingne  
díobhálacha pearsanta ar choinníoll nach ndéanfar maolú  
leis na rialacha sin ar aon fhoráil den Acht seo nó nach  
mbeidh na rialacha sin ar neamhréir le haon fhoráil den  
sórt sin, nó

(b) chun rialacha den sórt sin a dhéanamh i ndáil le  
himeachtaí nó caingne seachas caingne díobhálacha  
pearsanta.

(5) I *bhfo-ailt (1)* agus (2), folaíonn tagairt do na cúirteanna nó  
don chúirt tagairt do Mháistir na hArd-Chúirte agus do  
chlárúitheoir contae.

Imeachtaí a  
thionscnamh.

**10.**—(1) Is le toghairm ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht  
seo, “toghairm díobhálacha pearsanta” a thionscnófar imeachtaí san  
Ard-Chúirt, sa Chúirt Chuarda nó sa Chúirt Dúiche maidir le  
caingean díobhálacha pearsanta.

(2) Sonrófar i gcaingean díobhálacha pearsanta—

(a) ainm an ghearánaí, an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air  
nó uirthi agus a shlí bheatha nó a slí bheatha,

(b) an uimhir phearsanta seirbhíse poiblí arna leithroinnt ar  
an ngearánaí agus arna heisiúint chuige nó chuici faoi alt  
223 (a cuireadh isteach le halt 14 d'Acht 1998) d'Acht  
1993,

(c) ainm an chosantóra, an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí  
air nó uirthi (más eol sin don ghearánaí) agus a shlí  
bheatha nó a slí bheatha (más eol sin don ghearánaí),

(d) na díobhálacha don ghearánaí a líomhnaítear a tharla mar  
gheall ar éagóir an chosantóra,

(e) sonraí iomlána i dtaobh na míreanna damáiste speisialta  
go léir a mbeidh éileamh á dhéanamh ag an ngearánaí  
ina leith,

(f) sonraí iomlána i dtaobh ghníomhartha an chosantóra, arb  
éard iad an éagóir sin agus na himthosca a bhaineann le  
déanamh na héagóra sin,

(g) sonraí iomlána i dtaobh gach cáis ina ndearna an  
cosantóir faillí.

(3) I gcás go mainneoidh gearánaí an t-alt seo a chomhlíonadh—

(a) féadfaidh an chúirt—

(i) a ordú nach rachfar ar aghaidh a thuilleadh leis an gcaingean go dtí go gcomhlíonfaidh an gearánaí cibé coinníollacha a shonróidh an chúirt, nó

(ii) i gcás go measfaidh sí gur gá sin ar mhaithe leis an gceartas, caingean an ghearánaí a dhíbhe,

agus

(b) cuirfidh an chúirt mainneachtain den sórt sin i gcuntas le linn di breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí ordú maidir le costais na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann a íoc, nó maidir le méid na gcostas sin.

(4) I gcás go mainneoidh gearánaí an t-alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt a bheith ag éisteacht na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann cibé tática is dealraitheach a bheith cóir a bhaint as an mainneachtain.

**11.**—(1) Déanfaidh an gearánaí, ar iarraidh a fháil ó chosantóir i gcaingean díobhálacha pearsanta, na nithe seo a leanas a thabhairt don chosantóir— Iarraidh ar fhaisnéis bhreise.

(a) sonraí i dtaobh aon chaingne díobhálacha pearsanta a thionscain an gearánaí agus ina ndearna cúirt damáistí a dhámhachtain,

(b) sonraí i dtaobh aon chaingne díobhálacha pearsanta a thionscain an gearánaí agus a tarraingíodh siar nó a socraíodh,

(c) sonraí i dtaobh aon díobhálacha a bhain don ghearánaí, nó i dtaobh aon chóireála a cuireadh ar an ngearánaí, agus a d'fhearfadh ar na díobhálacha pearsanta lena mbaineann an chaingean díobhálacha pearsanta, agus

(d) ainm aon daoine óna bhfuair an gearánaí an chóireáil liachta sin,

dá ngairtear “faisnéis bhreise” san Acht seo.

(2) Déanfaidh an gearánaí, ar iarraidh a fháil ó chosantóir i gcaingean díobhálacha pearsanta, doiciméid a thabhairt don chosantóir, de cibé aicme a bheith forordaithe ó am go ham ag an Aire, ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, de réir mar is cuí, is doiciméid a bhaineann le haon tuilleamh nó ioncam eile a mbeidh éileamh á dhéanamh ag an ngearánaí ina leith.

(3) I gcás go mainneoidh gearánaí iarraidh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* a chomhlíonadh—

(a) féadfaidh an chúirt—

(i) a ordú nach rachfar ar aghaidh a thuilleadh leis an gcaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann go

dtí go gcomhlíonfaidh an gearánaí cibé coinníollacha a shonróidh an chúirt, nó

- (ii) i gcás go measfaidh sí gur gá sin ar mhaithe leis an gceartas, caingean an ghearánaí a dhíbhe,

agus

- (b) déanfaidh an chúirt, ag éisteacht na caingne, an mhainneachtain sin a chur i gcuntas le linn dí breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí aon ordú maidir le costais na caingne a íoc, nó maidir le méid na gcostas sin.

(4) Más rud é, ar iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil, go mainneoidh gearánaí an fo-alt sin a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt a bheith ag éisteacht na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann cibé tátail is dealraitheach a bheith cóir a bhaint as an mainneachtain.

(5) Más rud é, d'fhonn *fo-alt (2)* a chomhlíonadh, go n-iarrfaidh gearánaí ar na Coimisinéirí Ioncaim nó ar an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh doiciméid dá dtagraítear sa mhír sin a thabhairt dó nó di, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim nó an tAire sin cibé doiciméid a bheith ina seilbh, nó ina sheilbh nó ina seilbh, nó a bheith ar fáil acu, nó aige nó aici, a thabhairt dó nó di.

**12.—(1)** Sonrófar i gcosaint ar chaingean díobhálacha pearsanta—

- (a) na líomhaintí a shonraítear, nó na nithe a phléadáiltear, sa toghairm díobhálacha pearsanta nach mbeidh cruthúnas ag teastáil ón gcosantóir ina leith,
- (b) na líomhaintí a shonraítear, nó na nithe a phléadáiltear sa toghairm díobhálacha pearsanta a mbeidh cruthúnas ag teastáil uaidh nó uathí ina leith,
- (c) na forais ar a n-éilíonn an cosantóir nach bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas i leith aon díobhálacha a bhain don ghearánaí, agus
- (d) i gcás go líomhnóidh an cosantóir gurbh iad gníomhartha an ghearánaí féin ba chúis go hiomlán nó go páirteach leis na díobhálacha pearsanta go léir nó le cuid de na díobhálacha pearsanta a bhain don ghearánaí, na forais ar a líomhnaíonn sé nó sí amhlaidh.

(2) Sonrófar i bhfrithéileamh i gcaingean díobhálacha pearsanta—

- (a) an uimhir phearsanta seirbhíse poiblí arna leithroinnt ar an gcosantóir agus arna heisiúint chuige nó chuici faoi alt 223 (a cuireadh isteach le halt 14 d'Acht 1998) d'Acht 1993,
- (b) na díobhálacha don chosantóir a líomhnaítear gurbh é éagóir an ghearánaí ba chúis leo,
- (c) sonraí iomlána i dtaobh na míreanna damáiste speisialta go léir a mbeidh éileamh á dhéanamh ag an gcosantóir ina leith,

(d) sonraí iomlána i dtaobh ghníomhartha an ghearánaí, arb éard iad an éagóir sin, agus na himthosca a bhaineann le déanamh na héagóra sin,

(e) sonraí iomlána i dtaobh gach cáis ina ndearna an gearánaí faillí.

(3) I gcás go mainneoidh cosantóir an t-alt seo a chomhlíonadh—

(a) féadfaidh an chúirt—

(i) a ordú nach rachfar ar aghaidh a thuilleadh leis an gcaingean go dtí go gcomhlíonfaidh an cosantóir cibé coinníollacha a shonróidh an chúirt, nó

(ii) i gcás go measfaidh sí gur gá sin ar mhaithe leis an gceartas, breithiúnas a thabhairt i bhfabhar an ghearánaí,

agus

(b) cuirfidh an chúirt mainneachtain nó diúltú den sórt sin i gcuntas le linn di breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh sí aon ordú maidir le costais na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann a íoc, nó maidir le méid na gcostas sin.

(4) I gcás go mainneoidh cosantóir an t-alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt a bheith ag éisteacht na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann cibé tátail is dealraitheach a bheith cóir a bhaint as an mainneachtain.

**13.—**(1) Beidh i ngach pléadáil i gcaingean díobhálacha pearsanta— Pléadálacha i gcoitinne.

(a) i gcás pléadála arna seirbheáil ag an ngearánaí, mionsonraí mionsonraithe iomlána maidir leis an éileamh arb é an chaingean é agus maidir le gach líomhain, dearbhú nó pléadáil a chuimsíonn an t-éileamh sin, nó

(b) i gcás pléadála arna seirbheáil ag an gcosantóir nó ag tríú páirtí, mionsonraí mionsonraithe iomlána maidir le gach séanadh nó trasnáil, agus maidir le gach líomhain, dearbhú nó pléadáil a chuimsíonn a chosaint nó a cosaint.

(2) Faoi réir an Achta seo, is i cibé foirm a fhorordófar le rialacha cúirte a bheith pléadálacha i gcaingean díobhálacha pearsanta.

**14.—**(1) I gcás go ndéanfaidh gearánaí i gcaingean díobhálacha pearsanta— Mionscríbhinn fforaithe.

(a) aon phléadáil ina mbeidh dearbhuithe nó líomhaintí a sheirbheáil ar an gcosantóir, nó

(b) faisnéis bhreise a sholáthar don chosantóir,

déanfaidh an gearánaí (nó i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh thar ceann naín nó duine mhímheabhraigh ag neaschara nó cúramaí an naín nó an duine, an neaschara nó an cúramaí)

mionnscribhinn a mhionnú lena bhfiorófar na dearbhuithe nó na líomhaintí sin, nó an fhaisnéis bhreise sin.

(2) I gcás go ndéanfaidh an cosantóir nó tríú páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta aon phléadáil ina mbeidh dearbhuithe nó líomhaintí a sheirbheáil ar pháirtí eile sa chaingean, mionnóidh an cosantóir nó an tríú páirtí, de réir mar a bheidh, mionnscribhinn lena bhfiorófar na dearbhuithe nó na líomhaintí sin.

(3) I gcás go dtionscnóidh neaschara nó cúramaí naín nó duine mhímheabhraigh caingean díobhálacha pearsanta thar ceann an naín nó an duine, luafar i mionnscribhinn lena mbaineann *fo-alt (1)* agus a bheidh mionnaithe ag an neaschara nó ag an gcúramaí lena mbaineann, i ndáil le dearbhuithe, líomhaintí nó faisnéis bhreise nach mbeidh eolas pearsanta aige nó aici ina leith, go greideann sé nó sí go macánta go bhfuil na dearbhuithe, na líomhaintí nó an fhaisnéis bhreise fíor.

(4) Taiscfear mionnscribhinn faoin alt seo i gcúirt tráth nach déanaí ná—

(a) 21 lá tar éis an phléadáil lena mbaineann a sheirbheáil nó cibé tréimhse is faide a ordóidh an chúirt nó ar a gcomhaontóidh na páirtithe, nó

(b) i gcás ceanglais a bhfuil feidhm ag *fo-alt (8)(b)* maidir leis, 7 lá roimh an dáta a bheidh socraithe le haghaidh thriail na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann.

(5) Más rud é go ndéanfaidh duine ráiteas i mionnscribhinn faoin alt seo—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(6) Maidir leis an tagairt do chúirt i *bhfo-alt (4)*—

(a) i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh san Ard-Chúirt, folóidh sí tagairt do Mháistir na hArd-Chúirte, agus

(b) i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh sa Chúirt Chuarda, folóidh sí tagairt don chláraritheoir contae don chontae inar eisíodh na himeachtaí lena mbaineann.

(7) Beidh i mionnscribhinn a mhionnófar faoin alt seo ráiteas arna dhéanamh ag an teisteoir á rá go bhfuil a fhios aige nó aici gur cion é eisean nó ise do dhéanamh ráitis sa mhionnscribhinn atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

(8) Tá feidhm ag an alt seo maidir le caingne díobhálacha pearsanta a thionscnófar—

(a) ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, agus

(b) roimh an tosach feidhme sin, i gcás go gceanglóidh páirtí sa chaingean (tráth nach déanaí ná 21 lá roimh an dáta a

bheidh socraithe do thriail na caingne) ar pháirtí eile sa chaingean mionnscribhinn a mhionnú de réir an ailt seo.

**15.**—(1) Ar iarraidh ó aon pháirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta a fháil, féadfaidh an chúirt— Comhdháil idirghabhála.

- (a) aon tráth roimh thriail na caingne sin, agus
- (b) má mheasann sí go mba chuidiú é chun teacht ar shocrú sa chaingean cruinniú a thionól de bhun ordacháin faoin bhfo-alt seo,

a ordú go dtiocfaidh na páirtithe sa chaingean le chéile chun an chaingean a phlé agus iarracht a dhéanamh í a shocrú, agus gairtear “comhdháil idirghabhála” san Acht seo de chruinniú arna thionól de bhun ordacháin faoin bhfo-alt seo.

(2) I gcás go dtabharfaidh an chúirt ordachán faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh gach páirtí sa chaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann an t-ordachán sin a chomhlíonadh.

(3) Seolfar comhdháil idirghabhála—

- (a) ag am agus in áit ar a gcomhaontóidh na páirtithe sa chaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann, nó
- (b) i gcás nach gcomhaontóidh na páirtithe ar am agus ar áit, ag am agus in áit a shonróidh an chúirt.

(4) Beidh cathaoirleach ar chomhdháil idirghabhála—

- (a) ar duine é nó í a bheidh ceaptha le comhaontú na bpáirtithe go léir sa chaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann, nó
- (b) i gcás nach dtiocfar ar chomhaontú den sórt sin—
  - (i) ar duine é nó í a bheidh ceaptha ag an gcúirt, agus
  - (ii) (I) ar abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach é nó í a mbeidh seasamh 5 bliana ar a laghad aige nó aici, nó
  - (II) ar duine é nó í a bheidh ainmnithe ag comhlacht arna fhorordú, chun críche an ailt seo, le hordú ón Aire.

(5) Beidh na nótaí de chuid an chathaoirligh ar chomhdháil idirghabhála agus na cumarsáidí go léir le linn comhdhála idirghabhála nó aon taifid díobh nó fianaise eile orthu faoi rún agus ní úsáidfear iad i bhfianaise in aon imeachtaí, cibé acu imeachtaí sibhialta nó imeachtaí coiriúla.

(6) Maidir leis na costais a thabhófar ag seoladh agus ag stiúradh comhdháil idirghabhála, déanfaidh cibé páirtí sa chaingean díobhálacha pearsanta dá n-ordóidh an chúirt a bheidh ag éisteacht na caingne iad a íoc.

CD.2

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

Tuarascáil ó  
chathaoirleach  
comhdhála  
idirghabhála.

**16.**—(1) Déanfaidh duine a cheapfar faoi *alt 15(4)* chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar chomhdháil idirghabhála tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid na cúirte a bheidh ag éisteacht na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann, ar tuarascáil í ina leagfar amach—

- (a) i gcás nár seoladh an chomhdháil idirghabhála, ráiteas i dtaobh na gcúiseanna nár seoladh í, nó
- (b) i gcás gur seoladh an chomhdháil idirghabhála—
  - (i) ráiteas i dtaobh an ndearnadh nó nach ndearnadh socrú i leith na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann, agus
  - (ii) i gcás go ndearnadh socrú, ráiteas i dtaobh théarmaí an tsocráithe, arna shíniú ag na páirtithe sa socrú.

(2) Déanfar cóip de thuarascáil arna hullmhú faoi *fho-alt (1)* a thabhairt do gach páirtí sa chaingean díobhálacha pearsanta an tráth céanna a chuirfear faoi bhráid na cúirte í faoin bhfo-alt sin.

(3) Ar chaingean díobhálacha pearsanta a thabhairt chun críche, féadfaidh an chúirt—

- (a) tar éis aighneachtaí ó na páirtithe sa chaingean, nó thar a gceann, a éisteacht, agus
- (b) más deimhin léi gur mhainnigh páirtí sa chaingean ordachán faoi *alt 15(1)* a chomhlíonadh,

ordú a dhéanamh á ordú don pháirtí sin costais na caingne, nó cibé cuid de chostais na caingne a ordóidh an chúirt, a íoc, ar costais iad a tabhaíodh tar éis an t-ordachán faoi *alt 15(1)* a thabhairt.

Tairiscintí foirmiúla.

**17.**—(1) Déanfaidh an gearánaí i gcaingean díobhálacha pearsanta, tar éis an dáta fhorordaithe, fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an gcosantóir i leith tairisceana maidir le téarmaí socraithe.

(2) Déanfaidh an cosantóir i gcaingean díobhálacha pearsanta, tar éis an dáta fhorordaithe, fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an ngearánaí—

- (a) i leith tairisceana maidir le téarmaí socraithe, nó
- (b) á rá nach bhfuil sé nó sí toilteanach aon suim airgid a íoc leis an ngearánaí mar shocrú ar an gcaingean.

(3) Déanfaidh an gearánaí nó an cosantóir, de réir mar a bheidh, cóip de thairiscint fhoirmiúil a thaisceadh, nó taiscfear thar a cheann nó thar a ceann í, sa chúirt tar éis dheireadh na tréimhse forordaithe.

(4) Ní chuirfear téarmaí tairisceana foirmiúla in iúl don bhreitheamh i dtrial caingne díobhálacha pearsanta go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha aige nó aici sa chaingean.

(5) Beidh aird ag an gcúirt, le linn di breithniú a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh maidir leis na costais i gcaingean díobhálacha pearsanta a íoc—

- (a) ar théarmaí tairisceana foirmiúla, agus



(b) ar réasúntacht iompar na bpáirtithe le linn dóibh a gcuid tairiscintí foirmiúla a dhéanamh.

(6) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta, agus ní alt é in ionad, aon rialach cúirte lena bhforáiltear go ndéanfar suim airgid a íoc isteach sa chúirt mar shásamh ar chúis chaingne nó go dtairgfear íocaíocht a dhéanamh leis an bpáirtí nó leis na páirtithe eile sa chaingean.

(7) San alt seo—

ciallaíonn “tairiscint fhoirmiúil” tairiscint faoi *fho-alt (1)* nó *(2)(a)*, nó ráiteas faoi *fho-alt (2)(b)*;

ciallaíonn “dáta forordaithe” cibé dáta roimh dháta thosach thriail na caingne díobhálacha pearsanta lena mbaineann a fhorordaítear le hordú ón Aire;

ciallaíonn “tréimhse fhorordaithe” cibé tréimhse dar tosach an dáta forordaithe a fhorordaítear le hordú ón Aire.

**18.**—(1) Más rud é, i gcaingean díobhálacha pearsanta, gur cuí leis an gcúirt é, ordóidh sí go seolfar éisteacht roimh thriail na caingne d’fhonn a chinneadh cé na nithe a bhaineann leis an gcaingean atá faoi dhíospóid. Éisteachtaí réamhthrialach.

(2) Beidh gach páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta i dteideal go n-éistfead leo in éisteacht arna seoladh de bhun ordacháin faoi *fho-alt (1)*.

(3) Maidir le héisteacht a sheolfar de bhun ordacháin faoi *fho-alt (1)* is é nó is í a bheidh i gceannas uirthi—

(a) i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh san Ard-Chúirt, breitheamh den Ard-Chúirt, Máistir na hArd-Chúirte, Leas-Mháistir don Ard-Chúirt nó oifigeach a bheidh ainmnithe faoi mhír 6(1) den Ochtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, de réir mar a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte,

(b) i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh sa Chúirt Chuarda, breitheamh den Chúirt Chuarda, an cláráitheoir contae don chontae inar tionscnaíodh an chaingean nó comhalta d’fhoireann Oifig na Cúirte Cuarda sa chontae inar tionscnaíodh an chaingean, de réir mar a ordóidh Uachtarán na Cúirte Cuarda,

(c) i gcás caingne díobhálacha pearsanta arna tionscnamh sa Chúirt Dúiche, breitheamh den Chúirt Dúiche.

(4) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta, agus ní alt é in ionad, aon chumhachta atá ag cúirt ordacháin a thabhairt i ndáil le haon ní i gcaingean díobhálacha pearsanta.

**19.**—(1) Is trí mhionnscríbhinn a thabharfar fianaise i gcaingean díobhálacha pearsanta maidir le haon ní, i gcás go n-ordóidh an chúirt amhlaidh. Fianaise.

Cd.2 A.19

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

(2) Ní oibreoidh an t-alt seo chun an ceart a dhiúltú do pháirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta finné a mbeidh fianaise trí mhionnscribhinn tugtha aige nó aici de réir ordacháin faoi *fho-alt (1)* a chroscheistiú.

Fianaise  
shaineolach.

**20.**—(1) Féadfaidh an chúirt, i gcaingean díobhálacha pearsanta, cibé daoine ceadaithe is cuí léi a cheapadh chun imscrúduithe a dhéanamh ar cibé nithe a ordóidh an chúirt agus fianaise shaineolach a thabhairt i ndáil leis na nithe sin.

(2) Comhoibreoidh páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta le duine a cheapfar faoin alt seo agus tabharfaidh sé nó sí go háirithe don duine sin—

(a) (i) aon tuarascáil nó doiciméad eile a bheidh ullmhaithe ag an bpáirtí, nó

(ii) aon tuarascáil nó doiciméad eile a bheidh ullmhaithe thar ceann an pháirtí lena mbaineann, chun críocha nó in oirchill na caingne díobhálacha pearsanta,

agus

(b) aon doiciméad nó faisnéis a úsáidfear nó dá dtagrófar chun an tuarascáil a ullmhú.

(3) Maidir leis na costais a thabhófar i dtaca le duine a bheidh ceaptha faoin alt seo a cheapadh agus i dtaca leis an duine sin do dhéanamh imscrúdú, is é nó is í cibé páirtí sa chaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann dá n-ordóidh an chúirt a bheidh ag éisteacht na caingne a íocfaidh iad.

(4) Beidh páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta i dteideal duine a bheidh ceaptha faoin alt seo a chroscheistiú i ndáil le haon ní ar ceapadh é nó í chun iniúchadh a dhéanamh agus fianaise shaineolach a thabhairt air.

(5) Déanfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte, i gcomhairle le hUachtarán na Cúirte Cuarda agus le hUachtarán na Cúirte Dúiche, cibé daoine is cuí leis nó léi a cheadú chun críocha an ailt seo, agus gairtear “duine ceadaithe” san alt seo de dhuine a bheidh ceadaithe amhlaidh.

Idirghabháil i  
gcaingean  
díobhálacha  
pearsanta.

**21.**—(1) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach, ar achomharc chuici i gcaingean díobhálacha pearsanta, cuireadh a thabhairt do cibé daoine is cuí léi chun aighneachtaí a dhéanamh chun na cúirte—

(a) i ndáil le haon ní a bhaineann le dliteanas nó le damáistí ar dóigh léi tábhacht phoiblí eisceachtúil a bheith ag gabháil leis, agus

(b) má bhaineann an chaingean le haicme cúiseanna caingne ina n-eascraíonn an ní céanna nó ní dá shamhail.

(2) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *fho-alt (1)*—

(a) ar iarraidh chuige sin a fháil ó pháirtí sa chaingean díobhálacha pearsanta lena mbaineann, nó ó dhuine nach páirtí den sórt sin é nó í, nó

(b) i gcás nach ndéantar iarraidh den sórt sin.

(3) I gcás go ndiúltoídh duine do chuireadh chun aighneachtaí a dhéanamh faoin alt seo, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don chúirt i scríbhinn ina luafaidh sé nó sí an chúis a bhí aige nó aici le diúltú amhlaidh.

**22.—**(1) Beidh aird ag an gcúirt, le linn damáistí i gcaingean díobhálacha pearsanta a mheasúnú, ar an Leabhar Candaim.

Ní a bheidh le cur i gcuntas ag an gcúirt le linn damáistí a mheasúnú.

(2) Ní oibreoidh *fo-alt (1)* chun toirmeasc a chur ar chúirt aird a thabhairt ar nithe seachas an Leabhar Candaim le linn damáistí a mheasúnú i gcaingean díobhálacha pearsanta.

(3) San alt seo, ciallaíonn “Leabhar Candaim” an Leabhar Candaim a cheanglaítear ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a ullmhú agus a fhoilsiú faoi Acht 2003.

**23.—**(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, táblaí achtúireacha a fhorordú chun go ndéanfaidh na cúirteanna tagairt dóibh le linn damáistí a mheasúnú i gcaingne díobhálacha pearsanta i leith cailteanais airgeadais sa todhchaí.

Táblaí achtúireacha.

(2) Déanfaidh cúirt i gcaingean díobhálacha pearsanta tagairt do cibé táblaí achtúireacha (más ann) a fhorordaítear faoi *fho-alt (1)* le linn damáistí a mheasúnú i leith cailteanais airgeadais sa todhchaí.

(3) San alt seo, ciallaíonn “táblaí achtúireacha” táblaí achtúireacha arna n-ullmhú ag duine a bheidh ainmnithe chun na críche sin ag comhlacht arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

**24.—**(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, an ráta lascaine a fhorordú a mbeidh feidhm aige chun damáistí a mheasúnú i leith cailteanais airgeadais sa todhchaí.

Ráta lascaine.

(2) Féadfar, le rialacháin faoi *fho-alt (1)*, rátaí éagsúla a fhorordú i leith aicmí éagsúla cailteanais airgeadais nó tréimhsí éagsúla ama.

(3) Féadfaidh an chúirt ráta lascaine seachas an ráta a fhorordófar faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú má mheasann sí go ndéanfaí éagóir de thoradh an ráta a bheidh forordaithe a fheidhmiú.

(4) San alt seo, ciallaíonn “ráta lascaine”, i ndáil le cúirt do mheasúnú damáistí, an ráta dá dtagraítear faoin ainm sin de ghnáth agus a fheidhmíonn an chúirt chun luach reatha aon chailteanais airgeadais sa todhchaí a chinneadh.

**25.—**(1) Más rud é, tar éis thosach feidhme an ailt seo, go ndéanfaidh duine fianaise i gcaingean díobhálacha pearsanta a thabhairt, nó a chur faoi deara go mímhacánta í a thabhairt, nó a thabhairt ar aird nó a chur faoi deara go mímhacánta í a thabhairt ar aird, ar fianaise í—

Fianaise bhréagach, etc.

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) arb eol dó nó di í a bheith bréagach nó míthreorach,

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Más rud é, tar éis thosach feidhme an ailt seo, go ndéanfaidh duine teagasc nó faisnéis a thabhairt, nó a chur faoi deara go mímhacánta é nó í a thabhairt, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, d'aturnae, nó do dhuine a bheidh ag gníomhú thar ceann aturnae, nó do shaineolaí, ar teagasc é nó ar faisnéis í—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) arb eol dó nó di é nó í a bheith bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Chun críocha an ailt seo, is go mímhacánta a dhéanann duine gníomh i gcás go ndéanann sé nó sí an gníomh le hintinn an chúirt a chur ar míthreoir.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le caingne díobhálacha pearsanta—

(a) a thionscnófar tráth thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, agus

(b) a bheidh ar feitheamh ar dháta an tosach feidhme sin.

(5) San alt seo, ciallaíonn “saineolaí” duine a bhfuil scil speisialta nó saineolas aige nó aici agus—

(a) a bheidh fruilithe ag gearánaí nó cosantóir, nó thar a cheann nó thar a ceann, i gcaingean díobhálacha pearsanta chun fianaise shaineolach a thabhairt sa chaingean sin, nó

(b) a mbeidh iarrtha air nó uirthi, chun críocha nó in oirchill caingne díobhálacha pearsanta, scrúdú nó imscrúdú a dhéanamh i ndáil le haon ní ar gá an scil speisialta sin nó an saineolas sin ina leith.

Caingne  
calaoiseacha.

**26.**—(1) Más rud é, tar éis thosach feidhme an ailt seo, go ndéanfaidh gearánaí i gcaingean díobhálacha pearsanta fianaise a thabhairt nó a thabhairt ar aird, nó a chur faoi deara go mímhacánta í a thabhairt nó a thabhairt ar aird, ar fianaise í—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) arb eol dó nó di í a bheith bréagach nó míthreorach,

déanfaidh an chúirt caingean an ghearánaí a dhíbhe, mura rud é, ar chúiseanna a luafaidh an chúirt ina breith, go ndéanfaí éagóir de thoradh an chaingean a dhíbhe.

(2) Déanfaidh an chúirt i gcaingean díobhálacha pearsanta, más deimhin léi gur mhionnaigh duine mionnscribhinn faoi *alt 14*, ar mionnscribhinn í—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) arbh eol dó nó di í a bheith bréagach nó míthreorach le linn dó nó di an mhionnscribhinn a mhionnú,

caingean an ghearánaí a dhíbhe, mura rud é, ar chúiseanna a luafaidh an chúirt ina breith, go ndéanfaí éagóir de thoradh an chaingean a dhíbhe.

(3) Chun críocha an ailt seo, is go mímhacánta a dhéanann duine gníomh má dhéanann sé nó sí an gníomh le hintinn an chúirt a chur ar míthreoir.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le caingne díobhálacha pearsanta—

(a) a thionscnófar tráth thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, agus

(b) a bheidh ar feitheamh ar dháta an tosach feidhme sin.

**27.**—(1) Leasaítear Acht 1961 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in alt 50: Sochair  
chomhthaobhacha.

“(2) Nuair a bheifear ag measúnú damáistí faoin gCuid seo, ní chuirfear san áireamh aon bhronntanas carthanúil (cibé acu i bhfoirm airgid nó maoinne eile) arna thabhairt don ghearánaí mar gheall ar bhás an éagaigh, mura rud é—

(a) gurb é nó í an cosantóir deontóir an bhronntanais, agus

(b) go gcuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don ghearánaí tráth an bronntanais a thabhairt, i gcás an gearánaí do ghnóthú damáistí i gcaingean faoin gCuid seo, go ndéanfaidh an cosantóir iarratas chun na cúirte chun na damáistí a laghdú de mhéid a bheidh comhionann le méid an bhronntanais nó le luach an bhronntanais, de réir mar is cuí.”

agus déanfar tagairt don alt sin 50 mar a bhí sé díreach roimh thosach feidhme an fho-alt seo mar fho-alt (1) d’alt 50.

(2) Leasaítear an tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in alt 2:

“(2) Nuair a bheifear ag measúnú damáistí i gcaingean chun damáistí a ghnóthú maidir le héagóir as ar tháinig díobháil phearsanta nár chúis bháis, ní chuirfear san áireamh aon bhronntanas carthanúil (cibé acu i bhfoirm airgid nó maoinne eile) a bheidh tugtha don ghearánaí i leith na ndíobhálacha sin, mura rud é—

(a) gurb é nó í an cosantóir deontóir an bhronntanais, agus

(b) (i) go gcuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don ghearánaí, tráth an bronntanais a thabhairt, i gcás an gearánaí do ghnóthú damáistí i gcaingean den sórt sin, go ndéanfaidh an cosantóir iarratas chun na cúirte chun na damáistí a laghdú de mhéid a bheidh comhionann le méid an bhronntanais nó le luach an bhronntanais, de réir mar is cuí, nó

Cd.2 A.27

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

- (ii) i gcás gearánaí atá fostaithe ag an gcosantóir, gurb é atá sa bhronntanas sraith íocaíochtaí atá cosúil, ina méid agus ina minicíocht, leis an ngnáthluach saothair a bheadh an gearánaí i dteideal a fháil ón gcosantóir i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta.”,

agus déanfar tagairt don alt sin 2 mar a bhí sé díreach roimh thosach feidhme an fho-ailt seo mar fho-alt (1) d’alt 2.

(3) Maidir leis na leasuithe—

(a) ar alt 50 d’Acht 1961, agus

(b) ar alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964,

a dhéantar leis an alt seo, níl feidhm acu maidir le cúiseanna caingne a d’fhabhraigh roimh thosach feidhme an ailt seo.

Ioncam nár  
dearbhaíodh chun  
críocha cánach.

**28.**—(1) I gcaingean díobhálacha pearsanta (seachas caingean faoi alt 48 d’Acht 1961), maidir le haon ioncam, brabús, nó gnóchan—

(a) a mbeidh éileamh á dhéanamh ag an ngearánaí ina leith, agus

(b) (i) nach mbeidh tuairisceán déanta ina leith roimh éisteacht na caingne de réir an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(ii) nach mbeidh fógra tugtha ar shlí eile ina leith ag an ngearánaí do na Coimisinéirí Ioncaim,

ní thabharfaidh an chúirt aird air chun damáistí a mheasúnú, mura measfaidh an chúirt sna himthosca go léir go mbeadh sé éagórach neamhaird a thabhairt ar an ioncam, ar an mbrabús nó ar an ngnóchan sin.

(2) Níl feidhm ag an alt seo maidir le cúiseanna caingne a d’fhabhraigh roimh thosach feidhme an ailt seo.

Cionta.

**29.**—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin gCuid seo dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €100,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Féadfaidh an Chúirt Dúiche duine a chúiseofar i gcion faoin gCuid seo a thriail go hachomair—

(a) más é tuairim na cúirte gur mionchion is intrialte go hachomair na fíorais a cruthaíodh nó a líomhnaíodh,

(b) mura ndéanfaidh an duine, ar an gcúirt a chur in iúl dó nó di go bhfuil de cheart aige nó aici go dtriailfear é nó í le giúiré, agóid i gcoinne é nó í a thriail go hachomair, agus

(c) má thoilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leis an duine a thriail go hachomair sa chion.

(3) Aon duine a thriailfear faoi *fho-alt (2)* agus dá réir dlífear, ar é nó í a chiontú, fineáil nach mó ná €3,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Beidh feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 maidir le cion faoin gCuid seo amhail is dá ndéanfaí, in ionad na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3)(a) den alt sin, na pionóis dá bhforáiltear i *bhfo-alt (3)* a shonrú ann, agus déanfar an tagairt i bhfo-alt (2)(a) den alt sin 13 do na pionóis dá bhforáiltear le fo-alt (3) a fhorléiriú, agus beidh éifeacht léi, dá réir sin.

**30.**—(1) Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna, ar thosach feidhme an ailt seo, clár de chaingne díobhálacha pearsanta a bhunú agus a chothabháil (dá ngairtear an “clár” san alt seo).

Clár de chaingne díobhálacha pearsanta.

(2) Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna na nithe seo a leanas a thaifeadh sa chlár—

- (a) ainm agus seoladh an atur nae do gach páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta,
- (b) ainm agus slí bheatha gach páirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta, agus
- (c) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi,

mar a shonraítear sna pléadálacha i ndáil leis an gcaingean.

(3) Cuirfear an clár ar fáil do cibé daoine a chruthóidh chun deimhneacht na Seirbhíse Cúirteanna go bhfuil leas leordhóthanach acu maidir le rochtain a lorg air.

**31.**—Leasaítear Acht 2003 tríd an alt seo a leanas a chur isteach: Leasú ar Acht 2003.

“Ceanglas á cheangal ar dhaoine áirithe faisnéis a sholáthar.

54A.—(1) Féadfaidh an Bord a cheangal ar aon duine (lena n-áirítear Aire den Rialtas nó comhlacht arna bhunú le haon achtachán nó faoi aon achtachán) cibé taifid, doiciméid nó faisnéis a sholáthar dó a theastóidh uaidh le réasún d’fhonn a chuid feidhmeanna faoi alt 54(1)(c) a chomhlíonadh.

(2) Déanfaidh duine ar a gcuirfear ceanglas faoi fho-alt (1) an ceanglas sin a chomhlíonadh.”

**32.**—(1) D’fhonn amhras a sheachaint, folaíonn an tagairt sa mhíniú ar “imeachtaí” in alt 4(1) d’Acht 2003 do “imeachtaí i gcúirt”, agus measfar gur fholaigh sí riamh, tagairt do na nithe seo a leanas—

Leasuithe eile ar Acht 2003.

- (a) imeachtaí ar mhodh frithéilimh, agus
- (b) imeachtaí ar mhodh fógra tríú páirtí a sheirbheáil (seachas fógra tríú páirtí nach n-éilítear leis ach slánaíocht nó ranníoc).

(2) Leasaítear alt 30(4) d’Acht 2003 trí “nó más éileamh é i ndáil le caingean bheartaithe mar gheall ar dhamáistí faoi alt 48 d’Acht 1961” a chur isteach tar éis “faoi réim fho-alt (3)”.

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

CUID 3

CÚIRTEANNA

Caibidil 1

*Cistí Agróirí*

Míithe.

**33.**—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “cuntais”—

- (a) an cuntas airgid ginearálta,
- (b) cuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte,
- (c) an cuntas mórleabhair, agus
- (d) an cuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga;

ciallaíonn “Cuntasóir” Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais mar a fhoráiltear dó in alt 16 den Acht Oifigigh Cúirteanna, 1926;

ciallaíonn “cuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte” an cuntas mórleabhair ginearálta d’iarmhéid díomhaoin arna chothabháil de réir Ordú 77 de Rialacha na nUaschúirteanna, ina bhfuil iarmhéideanna na gcistí atá chun creidmheasa na gcuntas mórleabhair a rinne an Cuntasóir a shalliompar go dtí an cuntas mórleabhair sin mar aon leis an ús agus na díbhinní arna bhfabhrú ar an gcéanna;

ciallaíonn “foras airgeadais” an duine a gothabháiltear na cuntais leis nó léi—

- (a) is duine a mbeidh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971 i bhfeidhm ina leith, nó
- (b) is cumann foirgníochta de réir bhrí an Achta Cumann Foirgníochta, 1989;

ciallaíonn “slánaithe go hiomlán”, i ndáil le duine—

- (a) i gcás cistí i bhfoirm airgid, gur íocadh leis an duine an méid a bheidh chun creidmheasa dó nó di ar an dáta a íocadh na cistí isteach i gcuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte agus aon ús arna fhabhrú ón dáta sin, agus
- (b) i gcás cistí seachas cistí i bhfoirm airgid, gur íocadh leis an duine an méid a bheidh chun creidmheasa dó nó di ar dháta a réadaithe agus aon ús arna fhabhrú ar an gcéanna ón dáta sin;

ciallaíonn “cuntas airgid ginearálta” cuntas airgid ginearálta na gcistí agróirí arna choinneáil leis an bhforas airgeadais in ainm an Chuntasóra;

ciallaíonn “cuntas mórleabhair” cuntas a bheidh oscailte in ainm an Chuntasóra—

- (a) faoi ordú ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Uachtarach, nó



(b) faoi Acht den Oireachtas,

a mbeidh aon chistí agróirí íoctha isteach ann;

ciallaíonn “iarmhéideanna beaga” cibé airgead a bheidh salliompártha, de réir riail 88 d’Ordú 77 de Rialacha na nUaschúirteanna, go dtí an cuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga;

ciallaíonn “cuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga” an cuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga arna chothabháil chun críocha riail sin 88.

**34.**—(1) Déanfaidh an Príomh-Bhreitheamh, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme na Caibidle seo, a ordú don Chuntasóir infheistíochtaí uile chuntas díomhain na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte a réadú.

Infheistíocht chuntais dhíomhaoine na gcistí agróirí a réadú.

(2) Déanfaidh an Príomh-Bhreitheamh, tráth nach déanaí—

(a) ná 3 mhí tar éis 5 bliana a bheith caite ó ordú faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh, agus

(b) ná 3 mhí tar éis gach tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin a bheith caite ón dáta a bheidh ordú faoin alt seo déanta,

a ordú don Chuntasóir infheistíochtaí uile chuntas díomhain na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte a réadú.

(3) Déanfaidh an Cuntasóir de réir ordú ón bPríomh-Bhreitheamh faoin alt seo.

(4) San alt seo, ciallaíonn “infheistíochtaí”, i ndáil le cuntas díomhain na gcistí agróirí, sócmhainní seachas airgead.

**35.**—(1) Íocfaidh an foras airgeadais as an gcuntas airgid ginearálta leis an Státchiste cibé suimeanna a ordóidh an Príomh-Bhreitheamh, ó am go ham, nach mó ná 97.5 faoin gcéad de chomhiomlán na méideanna i bhfoirm airgid a bheidh i gcuntas díomhain na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte agus sa cuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga, agus is gá chun críocha *fho-alt (2)*.

Cuid de chistí agróirí a dhiúscairt.

(2) Féadfaidh an tAire na suimeanna a bheidh íoctha leis an Státchiste de bhun ordaithe faoi *fho-alt (1)* a úsáid ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, chun íoc as na costais a bhaineann le foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil faoi alt 5(d) den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998.

**36.**—Más rud é, de bhua an foras airgeadais do chomhlíonadh ordacháin faoi *alt 35*, nach leor na cistí agróirí chun go bhféadfar agróirí a shlánú go hiomlán, déanfaidh an tAire Airgeadais cibé suim a mheasfaidh sé nó sí is gá a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis chun go bhféadfar iad a shlánú amhlaidh.

Easnamh i gcistí agróirí.

**37.**—(1) Déanfaidh an Cuntasóir, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don fhoras airgeadais lena mbaineann ordachán faoi *alt 35*—

Foilsíú fógraí ag an gCuntasóir.

(a) is ordachán a bheidh tugtha den chéad uair tar éis an tAcht seo a rith, agus

- (b) gach ordachán den sórt sin dá éis sin i gcás gur mó ná €100,000 na suimeanna a bheidh fótha leis an Státchiste dá bhun,

a chomhlíonadh, a chur faoi deara fógra maidir leis na suimeanna a íoc leis an Státchiste de bhun an ordacháin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, sa *Law Society Gazette*, in dhá nuachtán laethúla náisiúnta agus ar cibé slí eile (más ann) is cuí leis nó léi.

(2) Déanfaidh an cuntasóir, ar fhoras airgeadais do chomhlíonadh ordacháin faoi *alt 35*, gach iarracht réasúnach chun fógra i scríbhinn maidir leis na suimeanna a íoc leis an Státchiste de bhun ordacháin den sórt sin a sheirbheáil ar cibé daoine a mbeidh teideal acu chuig aon cheann de na cistí a bheidh de thuras na huairé chun creidmheasa chuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte.

(3) Féadfar na caiteachais a thabhoíd an Cuntasóir le linn an t-alt seo a chomhlíonadh, i gcás go dtoileoidh an Príomh-Bhreitheamh amhlaidh, a íoc as cistí a bheidh de thuras na huairé i gcuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte.

Clár de chistí agróirí.

**38.**—(1) Déanfaidh an Cuntasóir clár de chistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte (dá ngairtear an “clár” san alt seo) a bhunú agus a chothabháil.

(2) Beidh na sonraí seo a leanas sa chlár—

- (a) teideal na n-imeachtaí lena mbaineann na cistí a bhfuil feidhm ag Ordú 77 de Rialacha na nUaschúirteanna maidir leo,
- (b) ainmneacha na bpáirtithe sna himeachtaí sin agus na seoltaí ag a bhfuil gnáthchónaí orthu,
- (c) an uimhir chuntais mhórleabhair,
- (d) luach na n-infheistíochtaí arna réadú de réir *alt 34* ar dháta a réadaíthe,
- (e) an dáta a íocadh na cistí sin isteach i gcuntas díomhaoin na gcistí agróirí de chuid na hArd-Chúirte,
- (f) i gcás gur aisíocadh na cistí sin leis an gciste mórleabhair, an dáta a aisíocadh amhlaidh iad,
- (g) uimhir chuntais an chuntais speisialta d’iarmhéideanna beaga,
- (h) an t-airgead a íocadh leis an gcuntas speisialta d’iarmhéideanna beaga, agus
- (i) cibé nithe eile dá bhforáiltear le rialacha cúirte nó a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte.

Caibidil 2

*Forálacha Ilghnéitheacha*

**39.**—Sa Chaibidil seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1976” an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976;

ciallaíonn “Acht 1981” Acht na gCúirteanna, 1981;

ciallaíonn “Acht 1989” an tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989;

ciallaíonn “Acht 1991” Acht na gCúirteanna, 1991;

ciallaíonn “Acht 1995” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995;

ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996.

**40.**—(1) San alt seo, folaíonn “cúirt” Máistir na hArd-Chúirte.

Imeachtaí a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(2) Chun críocha an ailt seo, is “achtachán iomchuí” gach ceann díobh seo a leanas—

(a) alt 2(1B) (a cuireadh isteach le halt 20 d’Acht na gCúirteanna, 1971) den Acht Dlisteanais, 1931;

(b) alt 45 d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (a mhéid a bhaineann sé le cúiseanna nó ábhair maidir le pósadh, nó le hábhair maidir le mionaoisigh);

(c) alt 25 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976;

(d) alt 10 d’Acht 1976;

(e) alt 36 den Acht um Stádas Leanaí, 1987;

(f) alt 34 d’Acht 1989;

(g) alt 7 den Acht Cothabhála, 1994;

(h) alt 33 d’Acht 1995;

(i) alt 38 d’Acht 1995;

(j) alt 38 d’Acht 1996;

(k) alt 16 den Acht um Fhoréigean Baile, 1996.

(3) Ní oibreoidh aon ní in achtachán iomchuí—

(a) chun toirmeasc a chur ar abhcóide dlí nó ar aturnae nó ar dhuine a thagann faoi réim aon aicme eile daoine a shonraítear i rialacháin a bheidh déanta ag an Aire d’ullmhú tuarascála maidir le himeachtaí lena mbaineann an t-achtachán iomchuí, ná chun foilsíú na tuarascála sin a thoirmeasc, ná

- (b) chun foilsíú bhreith na cúirte in imeachtaí den sórt sin a thoirmeasc,

de réir rialacha cúirte, ar choinníoll nach mbeidh sa tuarascáil nó sa bhreith aon fhaisnéis a d'fhágfadh go bhféadfaí na páirtithe sna himeachtaí nó aon leanbh lena mbaineann na himeachtaí a aithint agus, dá réir sin, mura rud é, in imthosca speisialta an ní, go n-ordóidh an chúirt a mhalairt, ar chúiseanna a bheidh sonraithe san ordachán, féadfaidh duine dá dtagraítear i *mír (a)*, d'fhonn tuarascáil den sórt sin a ullmhú, freastal ar na himeachtaí faoi réir aon ordachán a thabharfaidh an chúirt chuige sin.

(4) Ní oibreoidh aon ní in achtachán iomchuí chun toirmeasc a chur ar pháirtí in imeachtaí lena mbaineann an t-achtachán cóipeanna d'orduithe, nó sleachta as orduithe, arna ndéanamh sna himeachtaí a sholáthar do cibé daoine agus de réir cibé coinníollacha (más ann) a bheidh forordaithe le hordú ón Aire.

(5) Ní oibreoidh aon ní in achtachán iomchuí chun toirmeasc a chur ar pháirtí in imeachtaí lena mbaineann an t-achtachán duine eile a bheith ina theannta nó ina teannta sa chúirt, sna himeachtaí sin, faoi réir cheadú na cúirte agus aon ordachán a thabharfaidh sí chuige sin.

(6) Ní oibreoidh aon ní atá in achtachán lena dtoirmisctear imeachtaí lena mbaineann an t-achtachán a éisteacht go poiblí chun a thoirmeasc doiciméad a bheidh ullmhaithe chun críocha nó in oirchill na n-imeachtaí sin nó a bheidh tugtha i bhfianaise sna himeachtaí sin a thabhairt ar aird—

- (a) do chomhlacht nó do dhuine eile le linn dó, nó dó nó di, feidhmeanna a chomhlíonadh faoi aon achtachán arb éard iad éisteacht, fiosrúchán nó imscrúdú a sheoladh i ndáil le haon ní, nó aon ní a bhreithniú, ná

- (b) do cibé comhlacht nó duine eile a bheidh forordaithe le hordú arna dhéanamh ag an Aire, le linn don chomhlacht nó don duine lena mbaineann feidhmeanna a chomhlíonadh arb éard iad éisteacht, fiosrúchán nó imscrúdú a sheoladh i ndáil le haon ní a bheidh forordaithe amhlaidh, nó aon ní den sórt sin a bhreithniú.

(7) Ní oibreoidh aon ní atá in achtachán lena dtoirmisctear imeachtaí lena mbaineann an t-achtachán a éisteacht go poiblí chun a thoirmeasc faisnéis nó fianaise a bheidh tugtha sna imeachtaí sin a thabhairt—

- (a) do chomhlacht le linn dó, nó do dhuine eile le linn dó nó di, feidhmeanna a chomhlíonadh faoi aon achtachán arb éard iad éisteacht, fiosrúchán nó imscrúdú a sheoladh i ndáil le haon ní, nó aon ní a bhreithniú, ná

- (b) do cibé comhlacht nó duine eile a bheidh forordaithe le hordú arna dhéanamh ag an Aire, le linn don chomhlacht nó don duine lena mbaineann feidhmeanna a chomhlíonadh arb éard iad éisteacht, fiosrúchán nó imscrúdú a sheoladh i ndáil le haon ní a bheidh forordaithe amhlaidh, nó aon ní den sórt sin a bhreithniú.

(8) Beidh rogha ag cúirt a bheidh ag éisteacht imeachtaí faoi achtachán iomchuí, uaithi féin nó ar iarratas a fháil ó cheann de na páirtithe sna himeachtaí, a ordú go ndéanfar doiciméid, faisnéis nó fianaise a bhaineann leis na himeachtaí nó a eascróidh i gcúrsa na n-imeachtaí a nochtadh do thríú páirtithe más gá an nochtadh sin chun cosaint a thabhairt do leasanna dlisteanacha páirtí nó duine eile dá ndéanann na himeachtaí difear.

(9) Déanfar éisteacht, fiosrúchán nó imscrúdú dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* nó *(7)*, a mhéid a bhaineann sí nó sé le doiciméad dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* nó le faisnéis nó le fianaise dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, a sheoladh ar shlí seachas go poiblí agus ní dhéanfar aon doiciméad, faisnéis nó fianaise den sórt sin a fhoilsiú.

(10) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le himeachtaí arna dtionscnamh, agus le breitheanna cúirte arna ndéanamh, roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis sin.

**41.**—(1) Leasaítear alt 30 d’Acht 2002 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Ús ar chostais, ar mhuirir nó ar chaiteachais a bhaineann le breithiúnais, orduithe nó foraitheanta áirithe.

“(1) Faoi réir alt 23 d’Acht 1981, maidir le hús ar mhéid na gcostas, na muirear nó na gcaiteachas arna ndámhachtain do pháirtí in imeachtaí i gcúirt a bhfuil feidhm ag alt 27 den *Debtors (Ireland) Act, 1840* maidir leo de bhun breithiúnais, ordaithe nó foraithe den chúirt—

(a) ní bheidh sé iníoctha—

(i) i gcás go gcomhaontóidh na páirtithe sna imeachtaí an méid sin a dúradh, go dtí dáta an chomhaontaithe sin, nó

(ii) d’éagmais comhaontaithe—

(I) go dtí an dáta a dhéanfaidh máistir fómhais don Ard-Chúirt, nó cláraitheoir contae a bheidh ag feidhmiú cumhachtaí máistir fómhais den sórt sin, de réir mar is cuí, deimhniú cánachais (is abairt a fholaíonn deimhniú cánachais eatramhach) i leith an mhéid a dúradh a eisiúint, nó

(II) más cuí, i gcás imeachtaí sa Chúirt Chuarda, go dtí an dáta a dhéanfaidh cláraitheoir contae an méid a dúradh a thomhas de réir rialacha cúirte,

agus

(b) beidh sé iníoctha de réir an ráta a bheidh sonraithe de thuras na huaire in alt 26 den *Debtors (Ireland) Act, 1840*, ón dáta cuí a dúradh go dtí go mbeidh an méid sin íoctha.”.

(2) Aisghairtear fo-ailt (3) agus (4) d’alt 30 d’Acht 2002.

(3) Tá feidhm ag na leasuithe ar alt 30 d’Acht 2002 a dhéantar leis an alt seo—

CD.3 A.41

[Uimh. 31.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

- (a) maidir le caingne a thionscnófar ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, agus
- (b) maidir le caingne a bheidh ar feitheamh ar dháta an tosach feidhme sin.

Oifigigh áirithe chun gníomhú mar chláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla.

**42.**—Leasaítear an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i bhfomhír 6:

“(1A) Gach oifigeach a bheidh ainmnithe faoi fhomhír (1) den mhír seo agus a mbeidh ordaithe dó nó di gníomhú mar chláraitheoir don Ard-Chúirt faoin bhfomhír sin (i dteannta aon dualgas eile a bheidh sannta dó nó di ag an oifigeach a bheidh de thuras na huairé ag bainistí na Príomh-Oifige), gníomhóidh sé nó sí mar chláraitheoir don Phríomh-Chúirt Choiriúil de réir mar a dhéanfaidh agus nuair a dhéanfaidh an t-oifigeach a bheidh de thuras na huairé ag bainistí na Príomh-Oifige a ordú dó gníomhú amhlaidh.”.

Leasú ar alt 27 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.

**43.**—Leasaítear alt 27 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Más rud é go bhfuil aon Mháistir Measaireachta seal as láthair nó seal faoi mhíchumas de dheasca breoiteachta nó más rud é go bhfuil oifig aon Mháistir Measaireachta folamh, féadfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fear ionaid a cheapadh chun oifig an Mháistir Measaireachta sin a fheidhmiú le linn na hasláithreachta, an mhíchumais nó an fholúntais sin.

(1A) In aon cheann de na cásanna seo a leanas, eadhon—

- (a) Máistir na hArd-Chúirte a bheith seal as láthair nó seal faoi mhíchumas de dheasca breoiteachta,
- (b) oifig Mháistir na hArd-Chúirte a bheith folamh, nó
- (c) aon chás eile ina measann an tSeirbhís Chúirteanna gurb inmhianaithe é an chumhacht seo a leanas a fheidhmiú,

féadfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fear ionaid amháin nó níos mó a cheapadh chun oifig Mháistir na hArd-Chúirte a fheidhmiú nó, de réir mar a bheidh, chun an oifig sin a fheidhmiú i gcomhthráth le Máistir na hArd-Chúirte.

(2) Fad a mhairfidh a cheapachán, beidh ag fear ionaid a cheapfar faoin alt seo, agus feidhmeoidh sé, cumhachtaí agus údaráis uile an oifigigh ar fear ionaid dó é agus déanfaidh agus comhlíonfaidh sé dualgais agus feidhmeanna uile an oifigigh sin—

- (a) i gcás a bheidh faoi réim fho-alt (1) nó fho-alt (1A)(a) nó (b) den alt seo, in ionad an t-oifigeach sin iad a fheidhmiú, a dhéanamh agus a chomhlíonadh, agus
- (b) i gcás a bheidh faoi réim mhír (c) d’fho-alt (1A), i gcomhthráth leis an oifigeach sin iad a fheidhmiú, a dhéanamh agus a chomhlíonadh.”.

**44.**—Leasaítear alt 38 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): Leasú ar alt 38 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.

“(3) Déanfaidh cláraitheoir contae an chontae, na contaebhuirge nó an líomatáiste eile (seachas contae nó contaebhuirg Bhaile Átha Cliath) ina mbeidh an Phríomh-Chúirt Choiriúil ina suí, de thuras na huair, na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh, is é sin le rá:

- (a) an fheidhm arb éard í gníomhú mar chláraitheoir don chúirt sin, agus
- (b) an fheidhm arb éard í cibé cumhachtaí a chomhlíonadh agus cibé dualgais a chomhall i ndáil leis an gcúirt sin a bheidh sannta do chláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla le rialacha cúirte,

nuair a iarrfaidh an t-oifigeach a bheidh de thuras na huair ag bainistí Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte air déanamh amhlaidh.

(4) Maidir leis na feidhmeanna is inchomhlíonta ag cláraitheoir contae de bhun iarrata faoi fho-alt (3), déanfaidh comhalta d’fhoireann Oifig na Cúirte Cuarda sa chontae lena mbaineann a mbeidh na feidhmeanna sin tarmligthe chuige ag an gcláraitheoir contae sin iad a chomhlíonadh.”.

**45.**—(1) Leasaítear alt 2 d’Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1): Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961.

“ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

(2) Leasaítear an Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 i gcolún (3)—

- (a) tríd an leagan cuí gramadaí de “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, gach áit a bhfuil sé, agus
- (b) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200” (a cuireadh isteach le halt 2(1)(d) d’Acht 1981), gach áit a bhfuil sé.

**46.**—Leasaítear alt 18 den Acht um Chlárú Teidil, 1964—

Leasú ar an Acht um Chlárú Teidil, 1964.

- (a) i bhfo-alt (2) (arna leasú le halt 3 d’Acht 1991)—
  - (i) tríd an leagan cuí gramadaí de “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, agus
  - (ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,  
agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

CD.3 A.46

[*Uimh. 31.*] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus* [2004.]  
*Cúirteanna, 2004.*

“(4) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

Leasú ar an Acht  
Comharbais, 1965.

**47.**—Leasaítear alt 6 den Acht Comharbais, 1965—

(a) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 4 d’Acht 1981)—

(i) trí “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, agus

(ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(5) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

Leasú ar Acht 1976.

**48.**—Leasaítear alt 10 d’Acht 1976—

(a) i bhfo-alt (4) (a cuireadh isteach le halt 13 d’Acht 1981)—

(i) trí “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, agus

(ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,

agus

(b) (i) trí mhíreanna (a) agus (c) d’fho-alt (5) a aisghairm, agus

(ii) trí na focail “nó, i gcás go mbeidh na hairnéisí sin, nó go raibh siad, díreach roimh an diúscairt nó an aistriú sin, in áras teaghlaigh nach mó a luacháil inráitithe ná £20” a scriosadh i mír (b) d’fho-alt (5),

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(8) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.



49.—Leasaítear Acht na gCúirteanna (Uimh. 3), 1986 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1:

Leasú ar alt 1  
d'Acht na  
gCúirteanna (Uimh.  
3), 1986.

“1.—(1) Féadfar imeachtaí sa Chúirt Dúiche i leith ciona a thosú tríd an oifig iomchuí d’eisiúint doiciméid (dá ngairtear ‘toghairm’ san alt seo), mar nós imeachta riaracháin, don ionchúisitheoir.

(2) Maidir le toghairm a eisiúint, i dteannta é a dhéanamh ar aon mhodh trína bhféadfaí toghairm a eisiúint díreach roimh *alt 49* d’Acht 2004 a achtú, féadfar é a dhéanamh trína tarchur trí mheán leictreonach chuig an duine a mbeidh iarratas déanta aige nó aici uirthi nó chuig duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann.

(3) Féadfaidh an tArd-Aighne, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, comhalta den Gharda Síochána nó aon duine a bheidh údaraithe le hachtachán nó faoi achtachán chun imeachtaí a thionscnamh nó a thabhairt ar aghaidh i leith an chiona lena mbaineann, nó féadfar thar a cheann nó thar a ceann, iarratas a dhéanamh chuig an oifig iomchuí chun toghairm a eisiúint.

(4) Maidir le hiarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (3) den alt seo a dhéanamh, i dteannta é a dhéanamh ar aon mhodh trína bhféadfaí iarratas ar thoghairm a dhéanamh díreach roimh *alt 49* d’Acht 2004 a achtú, féadfar é a dhéanamh trína tarchur trí mheán leictreonach chuig an oifig iomchuí.

(5) I gcás go ndéanfar iarratas chun toghairm a eisiúint—

(a) chuig oifig dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘oifig iomchuí’ san alt seo, in ionad an oifig sin an toghairm a eisiúint, féadfaidh oifig dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú sin í a eisiúint, nó

(b) chuig oifig dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú sin, in ionad an oifig sin an toghairm a eisiúint, féadfaidh oifig dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú sin í a eisiúint.

(6) Maidir le toghairm—

(a) sonrúfar inti ainm an duine a rinne iarratas ar eisiúint na toghairme,

(b) sonrúfar inti dáta an iarratais i leith na toghairme,

(c) luafar inti, go gearr agus i ngnáthchaint, sonraí i dtaobh an chiona a líomhnaítear, ainm an duine a líomhnaítear gurb é nó í a rinne an cion agus an seoladh (más eol) ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi,

(d) tabharfar fógra inti don duine go gcúiseofar é nó í sa chion sin ag suí den Chúirt Dúiche arna shonrú faoi threoir a dháta agus a shuímh agus, a mhéid is indéanta, faoi threoir a thrátha, agus

(e) sonrúfar inti ainm cléirigh Cúirte Dúiche iomchuí.

(7) D'fhonn amhras a sheachaint, ní cheanglófar sonraí an phionóis a dhlíí ar dhuine a bheidh ciontach sa chion lena mbaineann a lua i dtoghairm.

(8) I gcás go ndéanfar toghairm a eisiúint de réir fho-alt (2) den alt seo, déanfar tagairtí do thoghairm bhunaidh in aon achtachán i ndáil le toghairmeacha a sheirbheáil (cibé acu a bhaintear leas sna tagairtí as an bhfocal 'toghairm' nó as an abairt 'doiciméad bunaidh') a fhorléiriú mar thagairtí do chóip dhílis den toghairm.

(9) In aon imeachtaí—

(a) aon doiciméad a airbheartaíonn gur toghairm é, measfar gur toghairm é a ndearnadh iarratas ina leith, agus a eisíodh, go cuí, agus

(b) an dáta a sonrú sa toghairm gur dáta an iarratais é, measfar gurb é an dáta sin é,

mura suítear a mhalairt.

(10) In aon imeachtaí ina ndearnadh toghairm a eisiúint de réir fho-alt (2) den alt seo, beidh cóip dhílis den toghairm, mura suítear a mhalairt, ina fianaise ar an toghairm lena mbaineann.

(11) Maidir le toghairm arna heisiúint go cuí faoin Acht seo, measfar chun gach críche gur toghairm í arna heisiúint go cuí de bhun an dlí a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith.

(12) Aon fhoráil arna déanamh le haon achtachán nó faoi aon achtachán a ritheadh roimh an Acht seo a rith agus a bhaineann leis an tréimhse ama chun gearán a dhéanamh i ndáil le cion, beidh feidhm aici, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le hiarratas faoi fho-alt (3) den alt seo.

(13) Na nósanna imeachta dá bhforáiltear san alt seo i ndáil le hiarratais ar thoghairmeacha agus i ndáil le toghairmeacha a eisiúint, is nósanna imeachta iad gan dochar d'aon nósanna imeachta eile a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith ar féidir imeachtaí maidir le cion a thosú dá réir agus féadfar dá réir sin aon cheann de na nósanna imeachta eile sin a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, amhail is dá mba nár ritheadh an tAcht seo.

(14) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 2004' an *tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004*;

ciallaíonn 'dáta iarratais', i ndáil le toghairm, an dáta a fuair an oifig iomchuí an t-iarratas chun toghairm a eisiúint;

ciallaíonn 'cléireach Cúirte Dúiche iomchuí', i ndáil le toghairm, cléireach Cúirte Dúiche a shanntar d'aon limistéar cúirte dúiche sa dúiche chúirte dúiche ina bhfuil dlínse ag breitheamh den Chúirt Dúiche i ndáil leis an gcion lena mbaineann an toghairm;

ciallaíonn 'oifig iomchuí', i ndáil le toghairm—

(a) oifig aon chléirigh Cúirte Dúiche a shanntar d'aon limistéar cúirte dúiche sa dúiche chúirte dúiche ina

bhfuil dlínse ag breitheamh den Chúirte Dúiche i ndáil leis an gcion lena mbaineann an toghairm, nó

- (b) aon oifig de chuid na Seirbhíse Cúirteanna arna hainmniú ag an tSeirbhís Cúirteanna chun iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (3) den alt seo a ghlacadh;

folaíonn ‘ionchúisitheoir’ duine a bheidh ag gníomhú thar ceann an ionchúisitheora;

tá le ‘toghairm’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (1);

ciallaíonn ‘cóip dhílis’, i ndáil le toghairm a ndearnadh a heisiúint de réir fho-alt (2), doiciméad a airbheartaíonn gur atáirgeadh i scríbhinn é den toghairm arna deimhniú ag an ionchúisitheoir mar chóip dhílis di.”.

**50.**—Leasaítear alt 31 d’Acht 1989—

Leasú ar Acht 1989.

- (a) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “a mhargadhluach” a chur in ionad “a luacháil inráitithe”, agus

(ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(6) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

**51.**—Leasaítear alt 38 d’Acht 1995—

Leasú ar Acht 1995.

- (a) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, agus

(ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,

- (b) trí fho-alt (5) a aisghairm, agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(9) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

Leasú ar Acht 1996. 52.—Leasaítear alt 38 d’Acht 1996—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, agus

(ii) trí “€3,000,000” a chur in ionad “£200”,

(b) trí fho-alt (4) a aisghairm, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(8) San alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

Leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

53.—(1) Leasaítear alt 90 d’Acht 2000, i bhfo-alt (5)—

(a) trí gach ionadú díobh seo a leanas a dhéanamh—

(i) “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, gach áit a bhfuil sé, agus

(ii) “€3,000,000” a chur in ionad “£200”, gach áit a bhfuil sé,

agus

(b) an mhír seo a leanas a chur isteach:

“(d) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

(2) Leasaítear alt 160 d’Acht 2000, i bhfo-alt (5)—

(a) trí gach ionadú díobh seo a leanas a dhéanamh—

(i) an leagan cuí gramadaí de “margadhluach” a chur in ionad “luacháil inráitithe”, gach áit a bhfuil sé, agus

(ii) “€3,000,000” a chur in ionad “£200”, gach áit a bhfuil sé,

agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach:

“(e) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le talamh, an praghas a gheofaí i leith an fheo shimplí neamhualaithe dá ndíolfaí an talamh ar an margadh oscailte, sa bhliain díreach roimh na himeachtaí lena

mbaineann a thionscnamh, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhearr ar an talamh don díoltóir.”.

(3) San alt seo, ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

**54.**—(1) Féadfaidh an chúirt i gcaingean díobhálacha pearsanta, ar iarratas a fháil ó pháirtí sa chaingean, a ordú, maidir le duine (seachas páirtí eile sa chaingean nó finné saineolach) a mbeidh sé beartaithe glaoch air nó uirthi chun fianaise a thabhairt i dtrial na caingne, nach ndéanfaidh sé nó sí freastal ar an triail go dtí go nglaofar air nó uirthi chun fianaise a thabhairt. Finnéithe áirithe a eisiámh, etc.

(2) I gcás go dtabharfaidh cúirt ordachán faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sí gach ordachán eile den sórt sin a thabhairt a mheasfaidh sí a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun a áirithiú nach ndéanfaidh finné lena mbaineann an t-ordachán céadluaite—

(a) cumarsáid a dhéanamh le finnéithe eile a mbeidh sé beartaithe glaoch orthu chun fianaise a thabhairt i dtrial na caingne lena mbaineann, nó

(b) faisnéis a fháil a d’fhéadfadh tionchar a imirt air nó uirthi le linn dó nó di fianaise a thabhairt.

(3) San alt seo, ciallaíonn “finné saineolach”, i ndáil le caingean díobhálacha pearsanta, duine a mbeidh sé beartaithe glaoch air nó uirthi mar fhinné chun fianaise shaineolach a thabhairt i dtrial na caingne sin.

**55.**—Leasaítear alt 46 d’Acht 2002—

Leasú ar Acht 2002.

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3), (4) agus (5):

“(3) Faoi réir fho-alt (6), mura mbeidh breithiúnas sna himeachtaí lena mbaineann tugtha sula mbeidh 2 mhí caite ón dáta a fhorchoimeádfar é, déanfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte, a luaithe is féidir—

(a) tar éis an tréimhse sin a bheith caite, agus

(b) tar éis gach tréimhse 2 mhí ina dhiaidh sin a bheith caite (mura mbeidh breithiúnas tugtha ar dtús),

na himeachtaí a liostú nó cuirfidh sé nó sí faoi deara iad a liostú os comhair an bhreithimh a rinne breithiúnas a fhorchoimeád sna himeachtaí sin agus tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn do na páirtithe sna himeachtaí maidir le gach dáta a mbeidh na himeachtaí liostaithe ina leith de réir an ailt seo.

(3A) Más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, go n-oibreodh fo-alt (3) chun a cheangal ar Uachtarán na Cúirte aon ní dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh le linn tréimhse nuair a bheidh an chúirt ar saoire, ansin forléireofar an fo-alt sin mar ní lena gceanglaítear ar an Uachtarán sin an ní sin a dhéanamh a luaithe is féidir tar éis don tréimhse sin a bheith caite.

(4) I gcás go mbeidh imeachtaí liostaithe os comhair breithimh de réir fho-alt (3), sonródh an breitheamh an dáta a bheidh sé beartaithe aige nó aici breithiúnas a thabhairt sna himeachtaí.

(5) Déanfar an dáta a shonróidh breitheamh faoi fho-alt (4), i ndáil leis na himeachtaí lena mbaineann, a thaifeadh sa chlár agus i gcás go mbeidh na himeachtaí lena mbaineann liostaithe níos mó ná uair amháin de réir fho-alt (1), taifeadh sa chlár, ar gach ócáid ar a liostófar amhlaidh iad, an dáta a bheidh, de thuras na huaire, arna shonrú amhlaidh.”.

(b) trí mhír (b) d’fho-alt (9) a scriosadh,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) San alt seo, i dtaca le cúirt arna comhdhéanamh de níos mó ná breitheamh amháin, forléireofar tagairtí do bhreitheamh mar thagairtí don bhreitheamh a mbeidh aige nó aici, i measc na mbreithiúna as ar comhdhéanadh an chúirt, an chéad áit in ord tosaíochta de réir alt 9 (a cuireadh chur isteach le halt 9 d’Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.”.

(d) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (11):

“ciallaíonn ‘Uachtarán na Cúirte’—

(a) i ndáil leis an gCúirt Dúiche, Uachtarán na Cúirte Dúiche,

(b) i ndáil leis an gCúirt Chuarda, Uachtarán na Cúirte Cuarda,

(c) i ndáil leis an Ard-Chúirt, Uachtarán na hArd-Chúirte,

(d) i ndáil leis an gCúirt Uachtarach, an Príomh-Bhreitheamh;”.

Líon breithiúna na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche a mhéadú.

**56.**—Leasaítear Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9 (a cuireadh isteach le halt 2 d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte (Leasú), 2003):

“9.—Ní mó ná 31 an líon gnáth-bhreithiúna san Ard-Chúirt.”.

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 10 (a cuireadh isteach le halt 26 d’Acht 2002):

“10.—Ní mó ná 33 an líon gnáth-bhreithiúna sa Chúirt Chuarda.”.

agus

[2004.] *An tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus [Uimh. 31.]  
Cúirteanna, 2004.*

CD.3 A.56

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 27(1) d'Acht 2002) d'alt 11:

“(1) Ní mó ná 54, de bhreis ar Uachtarán na Cúirte Dúiche, an líon breithiúna sa Chúirt Dúiche.”